IMEACHTAI AN CHONARTHA

CO. CHILL CHOINNIGH:

á dhá chraobh nua bunaithe i gCaislean an Chumair agus in Achadh Úr agus tá ath-eagrú curtha ar craobh Chill Choinnigh de thoradh saothar Labhrás Ó Murchú, Timire. —

Beidh rang Céilí ag Craobh Chaisleán an Chumair gach oíche Déardaoin.

CO. AN CHLÁIR:

Té Coiste Contae bunaithe ag Máirtín Mac Cormaic, Timire, chun obair leathnaithe an Chonartha sa chontae a stiúrú. Beidh Cúrsa do Threoraithe ar siúl in Inis i mi Eanáir chun baill óga an Chonartha sa Chlár d'oiliúint. Bunaíodh craobh nua i gCorra Finne ar an 20 Samhain. Tá sé beartaithe ag an gcraobh rang rince céilí a bhunú, siopadóirí a ghríosadh chun a n-ainmneacha a chur in airde i nGaeilge agus a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Beidh an chraobh páirteach sa Chomórtas Náisiúnta Díospóireachta atá á reachtáil do chraobhacha an Chonartha.

CO. THIOBRAID ÁRANN:

Tionóladh cruinniú cinn bliana Chraobh Chaisil ar an gCéadaoin, 17 Samhain. Tugadh tuairisc ar obair na bliana, ar pháirt na craoibhe i gcomórtas díospóireachta Tiobraid Árann Theas, ar an méid de bhaill na craoibhe a chaith saoire sa nGaeltacht agus ar an slí inár éirigh le céilithe faoi stiúr na craoibhe. Faoi láthair tá an chraobh ag beartú comóradh áitiúil a dhéanamh ar Éirí Amach 1916.

CO. PHORTLÁIRGE:

Deir tuairisc ó chathair Phortláirge go bhfuil líon na mball ag fás ansin. Bunaíodh dhá chraobh nua de Chonradh na nÓg sa chathair. Tá an Conradh i bPortláirge ag glacadh páirt sa choiste a bunaíodh sa chathair chun Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Ciarraiġe Deiċ mbliana ar gCúl

—deir Seosaṁ Ó Leannáin

Ina ḋiaiḋ an ċluiċe contae sin idir Ciarraiġe agus an Dúin ins an "Grounds Tournament" do scríoḃ Seosaṁ Ó Leannáin alt sa "Sunday Press" a rá go raiḃ foireann Ciarraiġe deiċ mbliana ar gcúl. Ċaill Ciarraiġe cluiċe ceannais na hÉireann i mbliana arís agus ansin nuair do ṫeip orṫu ins an "Grounds Tournament" b'ḟurast a ḟeiceáil go raiḃ rud éigin cearr le foireann Ċiarraiġe. Ciarraiġe a ḃfuil níos mó bainte acu nó foireann ar biṫ eile agus Craoḃ na hÉireann acu fiċe uair agus aċan dara bliain ba ġnáṫ leo cluiċe ceannais na hÉireann a ḃaint —níor ḃain siad ceann ar biṫ ó 1962 nuair a ḃuaiġ siad go héasca ar Roscomáin.

Ní ṫig leat a rá go ḃfuil an t-áḋ ag dul in éadan Ciarraiġe aċ is ag dul i ḃfeaḃas atá na contaeṫa eile.

Goidé tá ag cur isteaċ ar Ċiarraiġe?

Feictear scil ins na cluiċí anois maraon le eolaíoċt agus có-oibriú naċ raiḃ le feiceáil fadó. Tá stíl faoi leiṫ ag Ciarraí agus d'ḟéadfaí a rá go ḃfuil sé as dáta anois. Sé an fáṫ gur éiriġ le Ciarraiġe san am atá ṫart mar go raiḃ fir móra laidre acu i ḃfad níos mó ná na fir as na contaeṫa eile agus ḃí an buntáiste acu ṫar an fear beag. Aċ anois nuair atá fir Ċiarraiġe ar ċoiméad leis na fir ó na contaeṫa eile níl na buntáistí seo acu.

Ḃí na fir ḃeaga níos gaiste agus mar sin ċoinniġ siad an liaṫróid i ḃfad níos ísle agus tré'n ḃealaċ seo ḃíodar ábálta scóranna a ḟáil. Do ġlac cuid mór contaeṫe an moḋ seo agus tré seo d'éiriġ i ḃfad níos mó có-oibriú eatarru agus taréis sin ṫosnaíodar ag cur pleanaċa i ḃfeiḋm. Seo an dóiġ a ḃain Dúin cluiċe ċeannais na h-Éireann sa ḃliain 1960 agus 1961 agus plean a d'oibriġ siad in éadan Gaillimhe ins an "Grounds Tournament" i mbliana: As co-oibriú tagann plean agus do réir Seosaṁ Ó Leannáin ní raiḃ plean leagṫa amaċ ag Ciarraiġe ariaṁ. Coṁ h-olc is a ḃí Ciarraiġe i mbliana ḃí siad níos measa anuraiḋ agus go dtí go n-aṫruíonn siad a stíl ní ḃainfiḋ siad cluiċe na hÉireann go ceann deiċ mbliana eile.

tomhaiseanna

Caidé déantar aċ naċ ḃfeicteár?

Fr.—Torann nó callann.

— — — —

Ceard a ḃíonn i gcónaí róṁat aċ ní ḟeiceann tú é?

Fr.—An aimsir ḟáistineaċ.

— — — —

Caidé ḋá oiread de leaṫ 2½d.?

Fr.—2½d.

— — — —

Caidé go ḃfuil ceann air cosúil le cat, ruball cosúil le cat, iompríonn sé féin mar cat, naċ naċ cat é?

Fr.—Puisín óg.

— — — —

Caidé ċonaic ċuile ḋuine aċ naċ ḃfeicfiḋ siad arís?

Fr.—Inné.

— — — —

Cuistiméir — Cá ḃfuil únaer an tí-ósta seo?

Freastálaí — Tá sé amuiġ i dtí-ósta ag fáil a lóin!

ÁTH CLIATH:

Ag cruinniú de Choiste Fheas Átha Cliath ar an Aoine, 19 Samhain, toghadh na h-oifigigh seo leanas:

Cathaoirleach: Tomás Ó Cuilinn. Leas-Chathaoirleach: Tomás Mac Ruairí. Comh-Rúnaithe: Máire Ní Sheáin, Bríd Ní Mhaoilmhichil. Cisteoir: Colm P. Ó Duínn.

Beiḋ an Ċraoḃ Cluiċe idir Tírċonaill agus Dúin

Tá seansanna Tír Ċonaill go hard do 1966.

Tá cluiċe na bliana seo críoċnaiṫe i gCorn Dr. Lagáin agus de réir gaċ cosúlaċta is idir Tírċonaill agus an Dúin a ḃéas an craoḃċluiċe.

Nuair a ḃuaiġ Tírċonaill gan triúr dá scoiṫ imireoirí, ar Fearmonaċ ag Béal Áṫa Seanaiġ Dia Doṁnaiġ seo caite léiriġ sé go ḃfuil mianaċ san ḟoireann le dul i ḃfad i 1966.

Ag imirt gan Brian Ó Bradaiġ, Proinnsias Caimbéal agus S. D. Mac Meanmain cuireaḋ cruaiḋ go leor ar Ḋún na nGall aċ le neart sracaḋ agus rud beag aiḋ ḃuaiġ siad le 2-9 in eadán 1-8 do Fearmanaċ.

De réir nóis anois imreoiḋ Dún na nGall Aondruim agus an Dún in eadan Fearmonaċ i gcluiċí leaṫ ċeannais Corn Dr. Uí Lágain. Śocraiġ Coṁairle Ulaḋ go n-imreofar an ċead ceann daofa i nDún Gionain agus an dara ceann ag an Lurga. I mí Márta a imreófar iad aċ níor socraíoḋ na dátaí go ḃfeicfear socraiṫe an Ard Ċoṁairle.

Tá sé réasúnta cinnte go mbuafaiḋ An Dúin ar Fearmonaċ agus Tírċonaill ar Aondraim ⁊ go mbeiḋ craoḃċluiċe Corn Lágain idir Dún na nGall agus an Dúin.

Tá míśásaṁ i dTírċonaill nar piocaḋ an condae don cluiċe cáilíoċta leis an Dúine féaċaint cé'n ċondae Ultaċ a ḃéas ag imirt i Londain 'um Concis — roġnaiġ Coṁairle Ulaḋ Caḃáin.

Ag Béal Áṫa Seanaiġ ḃí beaguċtaċ ar go leor de ṁuintir Tírċonaill nuair naċ raiḃ Brian Ó Bradaiġ ag imirt aċ nuair a leaṫnaiġ an scéal díreaċ roiṁ tús naċ dtiocfaḋ le Mac Meanmain agus Proinsias Caimbéal a teaċt frío na tuillte ag an Uaiṁ ḃí eadóċas ar fad ar na tacadóirí.

Aċ d'imir na hionadaiṫe go maiṫ agus ḃí seasaṁ agus sracaḋ san ḟoireann uiliġ a ṫug frío iad.

Ḃí tús an ċluiċe le Fearmonaċ agus ċoinniġ siad bunus imearṫa ar ṫalaṁ Ḋún na nGall sa ċead leaṫ. Ḃí ai ṗáirc fliuċ báite agus an liaṫróid trom sleaṁain aċ ḃí an dá ḟoireann fonnṁar fuinniúl agus cé naċ ḃféadfaḋ ard ċaiġdeán peile a ḃeiṫ ann ḃí cluiċe bríoṁar ann a ṫug sásaḋ don slua.

Sa triú bomaite fuair Pádraig Mac Sé cúl breá a ṫug uċtaċ ⁊ spreagaḋ do Dún na nGall ní raḃ sé i ḃfad go raḃ Fearmonaċ ag brú go tréan. Ċabraiġ an ḃeirt lár páirce Mac Griann ⁊ Ó Gallċoḃair le iad a ċoiméad ar uaċtar agus an liaṫróid a ċoinneáil ar ṫaoḃ Ṫírċonaill den páirc. Ḃí Mac Luirg ina falla cosanta ar a gcúl mar leaṫċúl lár.

Finn Ó Gallċoḃair lán ċúl ionadaċ Tírċonaill a b'ḟearr a śeasaiġ do Dún na nGall agus ċlaoiġ sé i imireoir cliúiteaċ Ultaċ Ó Tréasaiġ ar fea na h-uaire. Eisean a fuair cúl Fearmonaċ ó ċic pianóis.

Ḃí sracaḋ iontaċ i gcuid cosantóirí Ḋún na nGall agus ba dóiḃ san an buiḋeċas naċ raiḃ aċ 1-6 ag Fearmonaċ ag leaṫ ama.

Taréis leaṫ ama ḃí Ó Gríofa ag imirt níos fearr ag lár páirce agus tugaḋ níos mó seansanna do ṫosaiṫe Tírċonaill. Ḃí an t-áḋ air leis an saoirċic nar stop lánċúl nó culbaire Fearmonaċ.

Aċ nuair atá deire ráite b'iad líne lán cúl Tírċonaill, Pól Ó Ceallaiġ, Finn Ó Gallċoḃair agus Mac Giolla Uain coṁ maiṫ leis an cúl baire De hÓir agus leaṫcúl clé Antoin Ó Cearḃaill a śáḃáil an lá do Tírċonaill.

Ins na tosaiṫe ḃí cumas agus contaḃairt i gcónaí i bPádraig Ó Sé, Deaglan Ó Cearḃaill agus Miċeál Mac Giolla Uain.

Ṫug an scór léiriú coṫrom ar an imirt: Tírċonaill 2-9; Fearmonaċ 1-8.

Páḋraig Mac Sé (Dún na nGall) a' scóráil an ċéad cúl ins an ċluiċe ag Béal Áṫa Seanaiġ

Foireann Dún na nGall.

Spéacladóir

Ḃí máirnéalaċ ag cur síos ar a ndeaċa sé frío amuiġ ar na báid agus longa. Ḃí an tseanḃean ag éisteaċt go cúramaċ leis. Aċ sa deire, ċuir sí isteaċ air leis an ċeist: "Cé'n céim a ḃí agat sa ċaḃlaċ?" "Spéacladóir na loinge," arsa mo duine léi. "Spéacladóir na loinge" — "níor ċuala mé as níor śíl mé go raiḃ a léiṫéid de ċéim sa ċaḃlaċ. Caidé an obair a ḃí le déanaṁ agat?" arsa sise leis go fiosraċ. "Innseoiḋ mé sin duit," arsan máirneálaċ ag gáirí. "Ag sciobaḋ amaċ na súile as na préataí."!

— — — —

Slad ar na Bóiṫre

Ċuaiġ beirt scoláirí óga isteaċ sa ṁusaeum lá aṁáin agus śiúil siad ṫart ag féaċaint ar na rudaí go léir a ḃí le feiceáil ann. Ní raiḃ siad ag cur mórán suime sna rudaí go ḃfaca siad mumaí maiṫ mór déanta suas go galanta le fáisceáin ṫart air. Ḃí carta faoi agus scríofa air ḃí an dáta B.C. 1412. "Cad is ciall leis na figiúirí sin?" arsa Máirtín óg. "Ó tá ḟios agam. Tá sin furust." arsa a ċomráidí. "Cuirfiḋ mé mo réiḋ geall leat gur sin uiṁir an ġluaisteáin a ṁaraiġ é i dtionóisc!"